# DÁIL ÉIREANN

**SEIRBHÍSÍ CLEACHTAIDH GHINEARÁLTA AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE ÁITIÚLA.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 20ú lá seo de Mhárta, 2024.

**GENERAL PRACTICE AND LOCAL HEALTH SERVICES.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 20th day of March, 2024.

Seán Ó Fearghaíl

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

a aithint:

— gur léiríodh sa suirbhé a rinne Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann i lár 2023 ar na pleananna ó thaobh gairm bheatha a bhí ag céimithe an chláir oiliúna ceithre-bliana do Chleachtadh Ginearálta gur shíl níos mó ná dhá thrian (78.4 faoin gcéad) de chéimithe nua go mbainfeadh siad a mbeatha amach in Éirinn sa todhchaí;

— gur cuid ríthábhachtach dár gcóras sláinte é an Cleachtadh Ginearálta agus gur gá tacú leis agus é a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh conairí cúraim malartacha ar fáil d'othair seachas ospidéil agus Rannóga Éigeandála; agus

— go bhféadfadh ról suntasach a bheith ag cógaslanna chun a chinntiú go bhfaigheann othair an cúram ceart, san áit cheart, ag an am ceart;

a thabhairt dá haire:

— go bhfuil deacrachtaí in go leor ceantar ó thaobh acmhainn Lia-Chleachtóirí Ginearálta, agus go bhfuil tréimhsí feithimh níos faide dá bharr;

— nach dteastaíonn ó gach Lia-Chleachtóir Ginearálta atá faoi oiliúint tabhairt faoi chleachtadh neamhspleách agus go bhfuil ról ann do Lia-Chleachtóirí Ginearálta a earcaítear go díreach;

— go bhfuil an conradh reatha do Lia-Chleachtóirí Ginearálta seanchaite agus gur gá nuachóiriú a dhéanamh air chun a léiriú go bhfuil nádúr an Chleachtaidh Ghinearálta ag athrú agus gur gá na Foirne Cúraim Phríomha ildisciplíneacha a leathnú; agus

— gur gá tacú le cógaslanna chun brú a bhaint de chlinicí Cleachtaidh Ghinearálta gnóthacha; agus

a iarraidh ar an Rialtas:

— Gasra Oibre ildisciplíneach ar Fhorbairt Cúraim Phríomha a bhunú, ar a mbeidh ionadaithe ó na gairmeacha leas-sealbhóra iomchuí, chun infheistíocht straitéiseach a

That Dáil Éireann:

acknowledges that:

— the survey of the career intentions of graduates of the four-year General Practice training programme, carried out by the Irish College of General Practitioners in mid-2023, showed that over two thirds (78.4 per cent) of recent graduates saw their future career in Ireland;

— General Practice is a vital part of our health service and needs to be supported and developed to ensure that patients have alternative care pathways to hospitals and Emergency Departments; and

— pharmacies can play an important role in ensuring patients get the right care, in the right place, at the right time;

notes that:

— many areas are experiencing difficulties in General Practitioner (GP) capacity, and this is leading to longer wait times;

— not all trainee GPs want to pursue independent practice and there is a role for directly hired GPs;

— the current GP contract is archaic and needs to be modernised to reflect the changing nature of General Practice and the need to expand multi-disciplinary Primary Care Teams; and

— pharmacies need to be supported to take pressure away from busy General Practice surgeries; and

calls on the Government to:

— establish a multi-disciplinary Working Group on the Development of Primary Care, with relevant stakeholder professions to guide strategic investment

threorú agus comhar a fheabhsú;

- líon na spásanna oiliúna fochéime, iarchéime agus ardchleachtais speisialtóra do ghairmeacha Cúraim Phríomha a mhéadú;
- conradh poiblí nua do Lia-Chleachtóirí Ginearálta a fhorbairt agus clár píolótach a sheoladh i gceantair ina bhfuil ganntanas Lia-Chleachtóirí Ginearálta ó thaobh seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta agus clúdach saoire;
- an úsáid a bhaintear as gráid altranais agus teiripe ardchleachtais i seirbhísí Cúraim Phríomha a mhéadú; agus
- infheistiú i gcur chuige "Cógaslann ar dTús" maidir le mion-tinnis agus cúram cuí a bhogadh ó chleachtais Cúraim Phríomha chuig cógaslanna pobail.

and deepen collaboration;

- increase the number of undergraduate, postgraduate and advanced specialist practice training places for Primary Care professions;
- develop a new public contract for GPs and launch a pilot programme in areas where there is a shortage of GPs for out of hours services and leave cover;
- increase the use of nursing and advanced practice therapy grades across Primary Care services; and
- invest in a "Pharmacy First" approach to minor ailments and move appropriate care from Primary Care practices to community pharmacies.